Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Samhain 2025
(OR. en)

14886/25

LIMITE

CORLX 1034
CFSP/PESC 1575
RELEX 1392
ELARG 121

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1890 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2019/1890 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1890 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir[1], agus go háirithe Airteagal 12(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

[1] IO L 291, 12.11.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1890/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 11 Samhain 2019, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2019/1890.

(2) An …[+] , ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/…[2++], lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle[3], lena gcuirtear síneadh leis na bearta sriantacha atá ann go dtí an 30 Samhain 2026, le liosta folamh.

(3) Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

PUBLIC

---

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, dáta glactha an Chinnidh atá i ndoiciméad ST14884/25.

[2] Cinneadh (CBES) 2025/... ón gComhairle an ... lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/1894 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir (IO L ...).

[++] IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 14884/25 agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Chinnidh sin san fhonóta..

[3] Cinneadh (CBES) 2019/1894 ón gComhairle an 11 Samhain 2019 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí druileála neamhúdaraithe na Tuirce sa Mheánmhuir Thoir (IO L 291, 12.11.2019, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1894/oj).

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1890.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

'IARSCRÍBHINN I

LIOSTA NA nDAOINE NÁDÚRTHA AGUS DLÍTHEANACHA, NA nEINTITEAS AGUS NA gCOMHLACHTAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 2'.

PUBLIC